Football Special

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin deoch bhog *Football Special*. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Ar bhlais tú *Football Special* riamh? Má bhlais, cad a cheap tú faoin deoch?

An maith leat féin deochanna neamh-mheisciúla? Cad iad na cinn is fearr leat?

Deirtear nach bhfuil deochanna neamh-mheisciúla go maith don tsláinte, cén fáth?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. it will be soon _____
2. secret _____
3. not many people _____
4. it will be much sought after _____
5. the drink is famous _____
6. fizzy drink _____
7. production _____
8. great demand _____
9. unusual _____
10. pub _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén áit a ndéantar *Football Special* go díreach agus le cé chomh fada?

2. Cad chuige ar cruthaíodh an deoch seo an chéad lá?

3. Cé hiad na daoine is mó a bhfuil spéis acu sa deoch seo?

4. Cad é oideas na dí?

5. Cá mbeidh an deoch ar díol amach anseo?

6. Cad iad na deochanna eile a chuireann *McDaids* ar fáil?

Ceist 4 *'neamh-mheisciúil'* agus *'neamhchoitianta'*

Cén fáth a bhfuil fleiscín sa chéad sampla agus nach bhfuil sa dara ceann? Cuir ***neamh*** roimh na focail seo thíos agus scríobh amach brí na bhfocal a chumann tú:

ómós	_____	_____
seasmhacht	_____	_____
milis	_____	_____
spleách	_____	_____
mothálach	_____	_____
urchóideach	_____	_____
matach	_____	_____
glórmhar	_____	_____

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht Gaeilge a chur ar a dúirt Edward McDaid sa mhír.

It just looks different, tastes different, feels different to the mouth and people are always trying to figure out exactly what's in it.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an ghníomhaíocht seo mar réamhullmhúchán.

Ceist 2

1. it will be soon	*is gearr go*
2. secret	*rún*
3. not many people	*is beag duine*
4. it will be much sought after	*beidh tóir mhór ar*
5. the drink is famous	*tá clú agus cáil ar*
6. fizzy drink	*deoch shúilíneach*
7. production	*táirgeadh*
8. great demand	*ráchairt mhór*
9. unusual	*neamhchoitianta*
10. pub	*teach leanna*

Ceist 3

1. Tá *Football Special* á dhéanamh le caoga bliain anuas i monarcha i Ráth Mealtain i gContae Dhún na nGall.
2. Bhí an t-úinéir ag iarraidh deoch neamh-mheisciúil a chruthú le cur i gcorn tar éis d'fhoireann cluiche peile a bhuachan.
3. Muintir Thír Chonaill, idir óg agus aosta, agus turasóirí.
4. Is rún daingean é an t-oideas ach is féidir a rá go bhfuil siúcra agus síoróip sa mheascán.
5. Beidh sé ar díol ar fud na hÉireann agus sna Sé Chontae agus in Albain amach anseo.
6. Cuireann siad deochanna déanta as bananaí agus anainn ar fáil chomh maith.

Ceist 4
Ní bhíonn fleiscín tar éis ***neamh*** ach amháin má thosaíonn an focal a théann leis le ***m***.

ómós	*neamhómós*	*disrespect*
seasmhacht	*neamhsheasmhacht*	*instability*
milis	*neamh-mhilis*	*savoury*
spleách	*neamhspleách*	*independent*
mothálach	*neamh-mhothálach*	*insensitive*
urchóideach	*neamhurchóideach*	*harmless*
matach	*neamh-mhatach*	*nonperishable*
glórmhar	*neamhghlórmhar*	*inglorious*

Ceist 5
Iarr ar gach beirt Gaeilge a chur ar an abairt seo, mar shampla:

Tá cuma éagsúil (dhifriúil) uirthi, tá blas éagsúil (difriúil) uirthi agus mothaíonn sí go deas sa bhéal. Bíonn daoine de shíor ag iarraidh a fháil amach cad é go díreach atá inti.

Éimear Ní Chonaola

Anois is gearr go mbeidh ceann de na rúin is mó i dTír Chonaill á roinnt leis an tír ar fad go gairid. Is beag duine a chuala faoin deoch *Football Special* cé go bhfuil díol mór uirthi[i] i nDún na nGall le fada an lá. Creideann úinéir an chomhlachta go mbeidh tóir mhór ar an deoch chéanna[ii] fud fad an oileáin. Thug Áine Ní Bhreisleáin cuairt ar an monarcha[iii], áit a ndéantar an deoch speisialta seo.

Áine Ní Bhreisleáin

Tá clú agus cáil ar an deoch shúilíneach *Football Special* i dTír Chonaill le breis agus caoga bliain. Anseo i monarcha[iv] *McDaid's* i Ráth Mealtain a dhéantar an táirgeadh ó thús deiridh. Bhí teaghlach *McDaid* ag iarraidh deoch neamh-mheisciúil a chruthú le cur sa chorn buachana i ndiaidh chluiche peile agus d'éirigh leo blas iomlán éagsúil a chruthú. Deir daoine sa chontae seo go bhfuil sé cosúil le *Coca Cola* nó *Irn-Bru* na háite agus bíonn ráchairt mhór ar an táirge i measc óg agus aosta. Cuireann go leor turasóirí spéis sa deoch fosta. Tá a fhios againn go bhfuil siúcra agus síoróip sa mheascán seo, ach is rún daingean atá san oideas do *Football Special*. Tá pleananna ag an chomhlacht a tháirge[v] a dhíol ar fud na tíre taobh istigh de chúpla mí. Tá orduithe faighte acu sna Sé Chontae agus in Albain.

Edward McDaid, Úinéir

It just looks different, tastes different, feels different to the mouth and people are always trying to figure out exactly what's in it.

Áine Ní Bhreisleáin

Ní amháin go bhfuil blas *Football Special* neamhchoitianta ach tá cineálacha eile deochanna acu déanta as banana agus anann. Is cinnte gur maith leis na Conallaigh neart milseachta[vi]. Cé go bhfuil bunadh Dhún na nGall in ann sult a bhaint as buidéal *Football Special* am ar bith, beidh ar phobal na tíre fanacht go dtí mí an Mheithimh sula mbeidh an deoch éagsúil seo ar fáil sna siopaí agus sna tithe leanna ansin. Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, i Ráth Mealtain i gCo. Dhún na nGall.

---

[i] *air* a deirtear
[ii] *céanna* a deirtear
[iii] *monarchan* a deirtear
[iv] *monarchan* a deirtear
[v] *a dtáirge* a deirtear
[vi] *milseacht* a deirtear